Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**13615/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0215(NLE)**

**TRANS 404**
**MAR 151**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeáin theicniúla a ghlacadh i réimse na loingseoireachta intíre |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh**
**sa Choiste Eorpach um ullmhú caighdeán**
**i réimse na loingseoireachta intíre**
**agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin**
**maidir le caighdeáin theicniúla a ghlacadh i réimse na loingseoireachta intíre**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún Athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine an 17 Deireadh Fómhair 1868, arna leasú leis an gCoinbhinsiún lena leasaítear an Coinbhinsiún Athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine, a síníodh in Strasbourg an 20 Samhain 1963, ('an Coinbhinsiún'), tháinig sé i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967. Leis an gCoinbhinsiún, coinnítear ar bun an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin ('CCNR') agus an córas le haghaidh loingseoireacht intíre ar an Réin a bunaíodh in 1815. Faoi chuimsiú CCNR, bunaíodh an Coiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre ('CESNI') an 3 Meitheamh 2015 chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe maidir le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú.

(2) Tagraíonn Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] do na caighdeáin is déanaí ó CESNI lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, eadhon Caighdeán Eorpach lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí loingseoireachta intíre ('ES-TRIN'). Tagraíonn CCNR freisin do na caighdeáin is déanaí ina Rialacháin maidir leis an Réin. De bhun Airteagail 22 agus 23 den Choinbhinsiún, féadfaidh CCNR rúin cheangailteacha a ghlacadh lena mbunófar ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre i dtaca leis an loingseoireacht intíre ar an Réin. Dá bhrí sin, beidh na caighdeáin theicniúla atá le glacadh ag CESNI ceangailteach a luaithe a dhéanfar tagairt do na caighdeáin theicniúla sin i rúin cheangailteacha ábhartha CCNR.

---

1 Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

(3) Faoin gCoinbhinsiún, féadfaidh CCNR a chreat rialála a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann ('RIS') a mhodhnú trí thagairt a dhéanamh do na caighdeáin theicniúla arna nglacadh ag CESNI agus trí na caighdeáin theicniúla sin a dhéanamh sainordaitheach faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin.

(4) Ag an seisiún a bheidh aige an 17 Deireadh Fómhair 2024, tá CESNI le Caighdeán Eorpach nuashonraithe lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre 2025/1 ('ES-TRIN 2025/1') agus an Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann 2025/1 ('ES-RIS 2025/1') a ghlacadh. Tar éis na caighdeáin sin a ghlacadh, tá sé beartaithe ag CCNR rún a ghlacadh lena leasaítear na Rialacháin maidir leis an Réin chun tagairt a dhéanamh do ES-TRIN 2025/1 agus ES-RIS 2025/1 le linn a sheisiún iomlánach an 5 Nollaig 2024. Cuirtear ES-TRIN 2025/1 agus ES-RIS 2025/1 in ionad ES-TRIN 2023/1 agus ES-RIS 2023/1 dá réir sin.

(5) Le ES-TRIN 2025/1, leagtar síos ceanglais theicniúla aonfhoirmeacha atá riachtanach chun sábháilteacht soithí uiscebhealaí intíre a áirithiú. Áirítear ann forálacha maidir leis an longthógáil, an feistiú agus trealamh le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, forálacha speisialta maidir le haicmí sonracha soithí amhail soithí paisinéirí, conbhuanna a bhrúitear agus soithí coimeádáin, forálacha maidir le trealamh an chórais aitheantais uathoibríoch, forálacha maidir le haitheantas soithigh, samhail de na deimhnithe agus samhail den chlár, forálacha idirthréimhseacha, chomh maith le treoracha maidir leis an gcaighdeán teicniúil a chur i bhfeidhm.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CESNI agus in CCNR a bhunú, ós rud é go bhféadfadh ES-TRIN 2025/1 tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais. Le hAirteagail 31 agus 32 de Threoir (AE) 2016/1629, ceanglaítear ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina dtagraítear don leagan is déanaí de chaighdeán ES-TRIN agus dáta a chur i bhfeidhm a shocrú, ar choinníoll nach gcuirfear leasanna an Aontais i mbaol de bharr athruithe ar phróiseas cinnteoireachta CESNI.

(7) Le ES-RIS 2025/1, leagtar síos sonraíochtaí teicniúla aonfhoirmeacha agus caighdeáin theicniúla aonfhoirmeacha chun tacú le seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus chun a n-idir-inoibritheacht a áirithiú. Na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin theicniúla a leagtar síos in ES-RIS 2025/1, comhfhreagraíonn siad do na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin theicniúla sin nach mór a ghlacadh de réir Threoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle1, go háirithe sna réimsí seo a leanas: córas taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre, tuairisciú leictreonach long, fógraí do scipéirí, córais rianaithe agus lorgaireachta soithí agus comhoiriúnacht an trealaimh is gá chun seirbhísí faisnéise tráchta abhann a úsáid.

(8) I dtaca le sonraíochtaí teicniúla maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann, is sonraíochtaí iad atá bunaithe ar na prionsabail theicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/44/CE agus cuirtear san áireamh leo an obair a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha sa réimse sin.

---

[1] Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).

(9) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CESNI a leagan síos, ós rud é go bhféadfadh ES-RIS 2025/1 tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon na sonraíochtaí teicniúla ceangailteacha a glacadh faoi chuimsiú Threoir 2005/44/CE.

(10) Tá coinne leis go nglacfaidh CCNR rúin lena leasófar a Rialacháin maidir leis an Réin chun tagairtí do ES-TRIN 2025/1 agus do ES-RIS 2025/1 a áireamh, le linn a sheisiún iomlánach a bheidh ann go luath. Beidh an leasú sin ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 22 den Choinbhinsiún. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CCNR a bhunú chomh maith.

(11) Chun an leibhéal sábháilteachta is airde i réimse na loingseoireachta intíre a éascú, chun an éabhlóid theicniúil san earnáil sin a leanúint, agus chun comhoiriúnacht na gceanglas le haghaidh soithí agus comhoiriúnacht na seirbhísí faisnéise tráchta abhann san Eoraip a áirithiú, tá sé tábhachtach na ceanglais theicniúla le haghaidh soithí agus seirbhísí faisnéise tráchta abhann a bheith chomh comhchuibhithe agus is féidir faoi na córais éagsúla dlí san Eoraip. Go háirithe, ba cheart na Ballstáit ar comhaltaí iad de CCNR freisin a údarú chun tacú le cinntí lena ndéantar rialacha CCNR a chomhchuibhiú leis na rialacha a chuirtear i bhfeidhm san Aontas.

(12) Níl an tAontas ina chomhalta de CCNR ná de CESNI. Ba cheart, dá bhrí sin, do Bhallstáit an Aontais ar comhaltaí iad de na comhlachtaí sin seasamh an Aontais a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (‘CESNI’) maidir le glacadh ES-TRIN 2025/1 agus ES-RIS 2025/1, aontú lena nglacadh.

2. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (‘CCNR’), tacú leis na tograí uile lena n-ailínítear Rialacháin CCNR maidir leis an Réin le ES-TRIN 2025/1 agus ES-RIS 2025/1.

*Airteagal 2*

1. Cuirfidh na Ballstáit ar comhaltaí iad de CESNI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais, an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1(1) in iúl.

2. Cuirfidh na Ballstáit ar comhaltaí iad de CCNR, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais, an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1(2) in iúl.

*Airteagal 3*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar na seasaimh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa…,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*